

**Pope Francis during the jubilee audience for communicators taking part in the Jubilee of Communication in the Vatican last month.** Photo: Getty

# Pope's diary cleared as he battles double pneumonia

JOSHUA McELWEE

Pope Francis has shown the onset of double pneumonia, further complicating treatment for the 88-year pontiff, the Vatican said last night.

"The laboratory tests, chest X-ray, and clinical conditions of the Holy Father continue to present a complex picture," said a statement.

"(A) chest CAT scan which the Holy Father received this afternoon ... showed the onset of bilateral pneumonia that requires further pharmacological therapy," it added.

"Nevertheless, Pope Francis remains in good spirits," the statement said.

Bilateral pneumonia is an infection that affects both lungs, and can make breathing difficult.

Francis has been suffering from a respiratory infection for more than a week and was admitted to Rome's Gemelli hospital on February 14.

He is especially prone to lung infections because as a young adult he developed pleurisy and had part of one lung removed.

A Vatican official speaking on background earlier in the day, said the pontiff had not been put on a ventilator and was breathing on his own.

Ahead of the latest statement, the Vatican announced that all public events on the pope's calendar had been cancelled through Sunday.

The pope had been due to lead several events over the weekend for the 2025 Catholic Holy Year, which runs through to next January.

It is a special time of pardon and forgiveness for Catholics and the Vatican expects 32 million tourists to visit Rome throughout the year, including for a range of special audiences with Francis.

The Vatican said on Monday that doctors had changed the pope's drug therapy for the second time during his hospital stay to tackle a "complex clinical situation". They described it as a "polymicrobial infection of the respiratory tract".

*'The Pope had been due to lead several events over the weekend for the 2025 Holy Year'*

Doctors say a polymicrobial infection occurs when two or more micro-organisms are involved, and can be caused by bacteria, viruses, or fungi.

The Vatican has said Francis will stay in hospital for as long as necessary. It has not specified whether the pope is suffering from a bacterial or viral infection.

While a bacterial infection can be treated with antibiotics, viral infections cannot. Viruses usually have to run their course, but the patient can be assisted with other medicines to bring down a fever or help their body fight the infection.

Francis had part of one lung removed after a pulmonary infection as a young man and is prone to bouts of bronchitis in winter.

He has admitted in the past that he is a non-compliant patient, and even his close Vatican aides have said he pushed himself too far even once his bronchitis was diagnosed.

An Bord Pleanála

## Roads Acts 1993 to 2015
## Planning and Development Acts 2000 to 2022

**ABP-317742-23**

**Notice of a decision by An Bord Pleanála in relation to the proposed Bray to City Centre Core Bus Corridor Scheme, all in the Counties of Dublin and Wicklow.**

An Bord Pleanála has, on the 28th January 2025, in exercise of the powers vested in it by section 51 of the Roads Act, 1993, as amended, made an order to approve subject to conditions the proposed road as submitted by the National Transport Authority.

**The conditions of the Board's decision are summarised as follows:**

1. The proposed scheme shall be carried out and completed in accordance with the plans and particulars lodged with the application, except as may otherwise be required in order to comply with the following conditions.
2. The proposed scheme shall be amended and provided for in accordance with the details set out below. Revised plans shall be submitted for the written agreement of the planning authority which provide for:
   (a) Appropriate pedestrian facilities at the junction of Dublin Road and Shanganagh Park and Cemetery.
   (b) The introduction of a cycle link at the Hill in Stillorgan.
3. (a) All mitigation, environmental commitments and monitoring measures identified in the Environmental Impact Assessment Report (EIAR) shall be implemented in full.
   (b) All mitigation, environmental commitments and monitoring measures identified in the Natura Impact Statement (NIS) shall be implemented in full.
4. Finalised cycle parking stands throughout the scheme shall be agreed in writing with the relevant planning authority.
5. The developer, and/or any agent acting on its behalf, shall prepare in consultation with the relevant statutory agencies, an updated Construction Environmental Management Plan (CEMP), Construction Traffic Management Plan and Construction Stage Mobility Management Plan incorporating all mitigation measures indicated in the NIS and EIAR.
6. Water supply and drainage arrangements shall comply with the requirements of the relevant planning authority.
7. Details of all signage shall be submitted to the local authority prior to the commencement of development to be held on record.
8. Comprehensive details of the proposed public lighting system to serve the proposed scheme shall be submitted to and agreed in writing with the planning authority.
9. (a) All lighting shall be operated in such a manner as to prevent light overspill to areas outside of compounds and works areas.
   (b) The applicant shall submit a detailed lighting plan to be held by the planning authority.
10. The developer shall monitor queuing time/delays at each works location and record traffic flows on the local road network at locations to be agreed with the local authority.
11. Noise monitoring shall be carried out at all times during the construction phase of the development.
12. All works shall be monitored by an Ecological Clerk of Works or Ecologist. Where appropriate, monitoring shall be undertaken by specialists.
13. Pre-construction surveys shall be carried out to determine the presence of protected mammal, bird or bat species.
14. Any new or improved surface water outfalls shall be constructed in a manner which protects riparian habitat and does not result in excessive erosion of such habitat.
15. The developer shall submit an Invasive Species Management Plan to the planning authority.
16. The developer shall ensure that all plant and machinery used during the works should be thoroughly cleaned and washed before delivery to the site.
17. Trees to be felled shall be examined prior to felling and demolition to determine the presence of bat roosts.
18. No ground clearance shall be undertaken and no vegetation shall be cleared during the bird breeding season from the 1st day of March to the 31st day of August, unless otherwise agreed with the planning authority.
19. The developer shall facilitate the preservation, recording and protection of archaeological materials or features that may exist within the site. The developer shall:
   a) Employ a suitably qualified archaeologist, and
   b) Provide arrangements, acceptable to the planning authority, for the recording and for the removal of any archaeological material which the authority considers appropriate to remove.
20. All works to protected structures and structures of heritage interest shall be monitored and recorded by an architectural conservation specialist, Re-instatement Method Statements shall be submitted to the planning authority to be held on file.
21. The site shall be landscaped in accordance with the comprehensive scheme of landscaping submitted. Final details of which shall be submitted to, and agreed in writing with, the planning authority.
    All planting shall be adequately protected from damage until established.
22. The National Transport Authority shall also employ the services of an appropriately qualitied arboriculturist and landscape architect for the full duration of the proposed works.
23. Prior to the removal of trees, hedging and planting, the National Transport Authority shall consult with, and advise, the relevant landowner of the species, size, and location of all replacement vegetation.


The full text of the Board's decision, including conditions, can be viewed on the Board's website at https://www.pleanala.ie/en-ie/case/317742. A copy of the Board's decision and the EIAR is available for inspection at the offices of the National Transport Authority during office hours on working days for a period of 8 weeks beginning on the date of publication of this notice.

A person may question the validity of a decision by the Board by way of an application for judicial review, under Order 84 of the Rules of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986), in accordance with section 50 of the Planning and Development Act, 2000, as amended.

Practical information on the review mechanism can be accessed under the heading Legal Notices – Judicial Review Notice on the Board's website www.pleanala.ie or on the Citizens Information Service website www.citizensinformation.ie

**Date of publication: 19th February, 2025.**

# In áit na scáileán, táimid ar ár sáimhín só ag léamh le chéile




**Sult:** Dhá leabhar is breá le Fódhla – Eoinín agus Amhráin Ghaeilge






## DIALANN NA MÁTHAR

LE COLÚNAÍ NA BLIANA SIÚN NÍ DHUINN

Thaitin focail, teanga agus litríocht riamh liom. Nuair a chuirtí ceist orm faoin bpost a bhí uaim agus mé i mo chailín óg, leabharlannaí an chéad phost a rith liom. Shíl mé go n-oirfeadh sé go mór dom a bheith i measc na scéalta is ansa liom, ag caitheamh mo chuid ama ag póirseáil tríd na seilfeanna agus ag moladh leabhar dóibh siúd a thiocfadh isteach tríd doras na leabharlainne ag cuartú leabhar maith.

Anois go bhfuil mé fásta, aithním nach ionann m'aisling ar obair an leabharlannaí agus an méid a bhíonn ar siúl acu ó lá go lá.

Go dtí gur rugadh Fódhla, dlúthchuid de mo shaol ab ea an léitheoireacht.

Tháinig leabhair i gcabhair orm nuair a theastaigh sólás uaim ó bhuairimh an tsaoil. Roinnim leabhar leis na daoine is ansa liom sa saol. Faoi láthair, sos intinne iad leabhair ó ghruaimscrolláil freisin.

Nuair a rugadh Fódhla, bhí orm mo chuid nósanna léitheoireachta féin a chaitheamh go leataobh, ceal ama agus fuinnimh. Cé go bhfuil an-spéis fós agam sna leabhair, is ar éigean go bhfaighim deis leabhar a phiocadh suas i láthair na huaire.

Go dtí le déanaí, bhí néal codlata ar an gcloch is mó ar mo phaidrín.

Tá Fódhla anois deich mí d'aois agus í lán le spraoi. Le mí nó dhó anuas, is cosúil gur osclaíodh a cuid súl don domhan timpeall uirthi agus tá sí ag cur spéis i ngach rud faoin spéir.

Chaith sí deich nóiméad ag faire ar dhamhán alla agus í go hiomlán gafa lena raibh ar siúl aige. Bíonn muid ag beannú don snag breac a bhíonn sa ghairdín ag am bricfeasta. Tá sí faoi dhraíocht ag an domhan agus is álainn an rud é.

Nuair nach bhfuil sí ag breathnú ar fheithidí agus éin, tá sí gnóthach ag fiosrú gach rud atá contúirteach sa teach – tine, staighre agus sreanganna leictreacha is fearr léi i láthair na huaire. Post lán-aimseartha is ea é súil a choinneáil ar pháiste óg fiosrach nach bhfuil eagla ar bith orthu.

Cé go bhfuil cinneadh tógtha sa teach againne na scáileáin a choinneáil uaithi, thuigfinn dóibh siúd a thugann fón dóibh le scíste éigin a fháil i rith an lae.

In áit na scáileán, tá bailiúchán cuimsitheach leabhar againn. Déanaim iarracht gach lá am a chur ar leataobh don léitheoireacht. Am ciúin dúinn beirt a bhíonn ann, ise ag roghnú an leabhair agus mise á léamh.

Tá mé go síoraí seasta ag léamh faoi eachtraí Eoinín, scéal faoi uan beag ag déanamh a bhealach tríd an saol scríofa ag Muireann Ní Chíobháin, foilsithe ag Futa Fata. Caitheann muid am lóin ag amhránaíocht le leabhair cheolmhara Risteard Mhic Liam.

Tá mé ag baint an-sult go deo as mo ghrá don léitheoireacht a thabhairt ar aghaidh go m'iníon. Lasann a haghaidh bheag le háthas nuair a osclaíonn muid leabhar.

Níor thuig mé riamh go rachadh an léitheoireacht agus an tuismitheoireacht lámh le lámh ach tá muid ar ár sáimhín suilt ag léamh scéalta le chéile.

### FOCLÓIRÍN

**gruaimscrolláil:** doomscrolling
**snag breac:** magpie

---

An Bord Pleanála

## Achtanna na mBóithre, 1993 go 2015
## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022

**ABP-317742-23**

**Fógra i dtaobh cinneadh ón mBord Pleanála i ndáil leis an Scéim Croíchonair Bus ó Bhré go Lár na Cathrach atá beartaithe, ar i gContae Bhaile Átha Cliath agus i gContae Chill Mhantáin dóibh uile.**

Rinne an Bord Pleanála, an 28 Eanáir 2025, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear dó le halt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, ordú chun an bóthar beartaithe arna chur isteach ag an Údarás Náisiúnta Iompair a cheadú faoi réir coinníollacha.

**Achoimrítear coinníollacha chinneadh an Bhoird mar a leanas:**

1. Déanfar an scéim bheartaithe a sheoladh agus a chur i gcrích i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh i dteannta an iarratais, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.
2. Déanfar an scéim bheartaithe a leasú agus déanfar soláthar di de réir na mionsonraí atá leagtha amach thíos. Cuirfear pleananna athbhreithnithe isteach lena gcomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála, ar pleananna iad lena ndéanfar soláthar do na nithe seo a leanas:
   (a) Saoráidí cuí do choisithe ag an acomhal idir Bóthar Bhaile Átha Cliath agus Páirc agus Reilig Sheangánaí.
   (b) Nasc rothar a thabhairt isteach ag an gCnoc i Stigh Lorgan.
3. (a) Cuirfear chun feidhme ina n-iomláine an maolú, na gealltanais chomhshaoil agus na bearta faireacháin ar fad a sainaithníodh sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.
   (b) Cuirfear chun feidhme ina n-iomláine an maolú, na gealltanais chomhshaoil agus na bearta faireacháin ar fad a sainaithníodh sa Ráiteas Tionchair Natura.
4. Comhaontófar na seastáin páirceála rothar deiridh ar fud na scéime i scríbhinn leis an údarás pleanála iomchuí.
5. I gcomhairle leis na gníomhaireachtaí reachtúla iomchuí, ullmhóidh an forbróir, agus/nó aon ghníomhaire atá ag gníomhú thar a cheann, Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála, Plean Bainistíochta Tráchta Tógála agus Plean Bainistíochta Soghluaisteachta Chéim na Tógála ina gcuimseofar na bearta maolaithe uile atá curtha in iúl sa Ráiteas Tionchair Natura agus sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.
6. Comhlíonfaidh socruithe soláthair uisce agus socruithe draenála ceanglais an údaráis pleanála iomchuí.
7. Cuirfear mionsonraí faoin gcomharthaíocht ar fad faoi bhráid an údaráis áitiúil sula dtosófar an fhorbairt chun go gcoimeádfar ar taifead iad.
8. Cuirfear mionsonraí cuimsitheacha faoin gcóras beartaithe soilsithe phoiblí atá ceaptha chun freastal ar an scéim bheartaithe faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis.
9. (a) Déanfar an soilsiú ar fad a oibriú i slí a gcoiscfidh sceitheamh solais go limistéir atá lasmuigh de na compúin agus de na limistéir oibreacha.
   (b) Cuirfidh an t-iarratasóir plean soilsithe mionsonraithe isteach lena shealbhú ag an údarás pleanála.
10. Déanfaidh an forbróir faireachán ar agaí ciúála/ar mhoilleanna ag gach láthair oibreacha agus taifeadfaidh sé sruthanna tráchta ar an ngréasán bóithre áitiúla ag láithreacha atá le comhaontú leis an údarás áitiúil.
11. Déanfar faireachán ar thorann i gcónaí le linn na céime tógála den fhorbairt.
12. Déanfaidh Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha nó Éiceolaí faireachán ar na hoibreacha ar fad. I gcás gur cuí, déanfaidh speisialtóirí faireachán.
13. Déanfar suirbhéanna réamhthógála chun a shuí an bhfuil speicis mhamaigh, éin nó ialtóige atá faoi chosaint i láthair nó nach bhfuil.
14. Déanfar aon sruthanna éalaithe nua nó feabhsaithe uisce dromchla a thógáil ar bhealach a gcosnóidh gnáthóga bruachánacha agus nach dtiocfaidh creimeadh iomarcach na ngnáthóg sin chun cinn mar thoradh air.
15. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Speiceas Ionrach faoi bhráid an údaráis pleanála.
16. Cinnteoidh an forbróir gur cheart an gléasra agus an t-innealra ar fad a úsáidfear le linn na n-oibreacha a ghlanadh agus a ní go críochnúil sula seachadfaí chuig an láithreán iad.
17. Déanfar na crainn atá le leagan a scrúdú sula ndéanfar iad a leagan agus a scartáil chun a shuí an bhfuil faraí ialtóg i láthair iontu nó nach bhfuil.
18. Ní dhéanfar aon ghlanadh talún, agus ní ghlanfar aon fhásra le linn shéasúr goir na n-éan ón 1ú lá de Mhárta go dtí an 31ú lá de Lúnasa, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an údarás pleanála.
19. Éascóidh an forbróir caomhnú, taifeadadh agus cosaint ábhar seandálaíochta nó sainghnéithe seandálaíochta atá ann laistigh den láithreán. Déanfaidh an forbróir na nithe seo a leanas:
    a) Seandálaí a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige/aici a fhostú, agus
    b) Socruithe a bhfuil glacadh ag an údarás pleanála leo a sholáthar le haghaidh taifeadadh agus baint a dhéanamh ar aon ábhar seandálaíochta is cuí leis an údarás a bhaint.
20. Na hoibreacha uile ar dhéanmhais chosanta agus ar dhéanmhais is díol spéise ó thaobh na hoidhreachta, déanfaidh speisialtóir caomhantais ailtireachta faireachán agus taifeadadh orthu, agus cuirfear Ráitis faoi Mhodhanna Athshuite faoi bhráid an údaráis pleanála lena gcoimeád ar comhad.
21. Déanfar an láithreán a thírdhreachú de réir na scéime cuimsithí tírdhreachaithe a chuirfear isteach. Cuirfear mionsonraí críochnaitheacha ina leith sin faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis.
    Déanfar na plandaí ar fad a chosaint go leordhóthanach ar dhamáiste go dtí go mbunófar iad.
22. Fostóidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair crannadóir agus ailtire tírdhreacha a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu ar feadh fhad iomlán na n-oibreacha beartaithe freisin.
23. Sula ndéanfar crainn, fálta agus plandaí a bhaint, rachaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair i gcomhairle leis an úinéir talún iomchuí, agus tabharfaidh sé eolas dó/di, maidir le speiceas, méid agus láthair an fhásra athsholáthair ar fad.

Is féidir amharc ar théacs iomlán an chinnidh ón mBord, lena n-áirítear coinníollacha, ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag https://www.pleanala.ie/en-ie/case/317742. Beidh cóip den chinneadh ón mBord agus den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ar fáil le hiniúchadh in oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair le linn uaireanta oifige ar laethanta oibre go ceann tréimhse ocht seachtaine dar tosach dáta foilsithe an fhógra seo.

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón mBord a cheistiú trí bhíthin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Féadfar faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a rochtain faoin gceannteideal "Fógraí Dlí – Fógra maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach" ar shuíomh Gréasáin an Bhoird ag www.pleanala.ie nó ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag www.citizensinformation.ie.

**Dáta foilsithe: 19 Feabhra, 2025.**